

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

An Scéim Croíchonair Bus ón Rinn go Lár na Cathrach

Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an “tÚdarás”) an Scéim Croíchonair Bus ón Rinn go Lár na Cathrach (dá ngairtear an “**Scéim Bheartaithe**” anseo ina dhiaidh seo) a chur i gcrích.

Tá an Scéim Bheartaithe comhdhéanta de phríomhailíniú amháin maidir leis an mbealach a leanfaidh sí, ó Lár na Cathrach go dtí an Rinn. Tá an Scéim Bheartaithe thart ar 4.2 km ar fad. Is é Droichead Cuimhneacháin an Talbóidigh pointe tosaithe na Scéime agus leanfaidh sí soir i dtreo Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Naisc Thoir) feadh na gcéanna thuaidh agus na gcéanna theas. Ón áit sin, leanfaidh sí ar aghaidh trí Pháirc na Rinne agus feadh Bhóthar Theach Pigeon agus is é Bóthar Sheáin Uí Mhóra an pointe ceann turais. Leis an Scéim Bheartaithe, soláthrófar tosaíocht iomlán bus ar na céanna thuaidh agus soláthrófar tosaíocht eadrannach bus ar na céanna theas, mar aon le saoráidí leithscartha rothaíochta agus saoráidí níos fearr do choisithe. Tá an chuid den Scéim Bheartaithe ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Naisc Thoir) go Bóthar Sheáin Uí Mhóra comhdhéanta de rotharbhealach ina hiomláine. Tá an Scéim Bheartaithe ar fad lonnaithe laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ordaíodh do Scott Cawley Limited Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí a ullmhú don Scéim Bheartaithe chun breithniú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar cé acu is dóigh nó nach dóigh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus ar chuspóirí caomhantais an láithreáin Eorpaigh/na láithreán Eorpach (atá pléite tuilleadh thíos), go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le plananna nó tionscadail eile ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Fuair an tÚdarás an Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí agus léigh sé í. Rinne sé breithniú ar a bhfuil inti agus ar na conclúidí agus ar an moladh atá leagtha amach inti. Tar éis dó an méid sin a dhéanamh, comhaontaíonn an tÚdarás leis na conclúidí agus leis an moladh atá leagtha amach sa Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí.

Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Chinn an tÚdarás gur gá Measúnacht Chuí a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe toisc gurb amhlaidh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch oibiachtúil, nach féidir leis an Údarás, tar éis dó scagadh a dhéanamh, neamhaird a thabhairt ar an bhfíoras go dtarlóidh sé, in éagmais maolaithe, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le plananna nó tionscadail eile ar na 16 Láithreán Eorpacha seo a leanas (sé Limistéar Caomhantais Speisialta agus 13 Limistéar Cosanta Speisialta) i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán sin:-

1. Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh;
2. Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas;

3. Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair;
4. Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair;
5. An Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse;
6. Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann;
7. Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin;
8. Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí;
9. Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann;
10. Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin;
11. Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla;
12. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann;
13. Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse;
14. Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla;
15. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde;
16. Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill;
17. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir;
18. Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí; agus
19. Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin.

Rinne an tÚdarás an cinneadh sin tar éis breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht éiceolaíoch bhonnlíne agus ar mhéid agus saintréithe na Scéime Beartaithe agus tar éis na tionchair fhéideartha seo a leanas a shainiú:

- Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháilíochta;
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin; agus
- Tionchair dhíreacha dhíobhála/mhortláochta.

Tá tuilleadh mionsonraí tugtha thíos faoi gach ceann de na tionchair fhéideartha a sainiú.

Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige

Ní fhorluíonn an Scéim Bheartaithe ar aon láithreán Eorpach, cé go bhfuil sí lonnaithe i ndlúthghaireacht do Chuan Bhaile Átha Cliath, atá ainmnithe le haghaidh roinnt láithreán Eorpach a fhorluíonn ar a chéile. Is iad Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas na láithreáin Eorpacha is cóngaraí don Scéim Bheartaithe. Tá siad lonnaithe thart ar 0.5 km soir ó dheas ón Scéim Bheartaithe (i líne dhíreach trasna na tíre). Tá na láithreáin Eorpacha sin nasctha go hidreolaíoch leis an Scéim Bheartaithe trí Inbhear na Life

Íochtarach. Tá Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann lonnaithe thart ar 2.4 km síos an abhainn ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Naisc Thoir), agus tá Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas lonnaithe thart ar 3.2 km síos an abhainn soir. Dá bhrí sin, níl aon fhéidearthacht ann go dtiocfadh caillteanas nó scoilteadh díreach gnáthóige chun cinn.

Tá féidearthacht ann go dtiocfadh caillteanas agus scoilteadh díreach gnáthóige inbhearai ex situ chun cinn mar thoradh ar mhíntíriúchán talún láimh le Droichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Naisc Thoir). D'fhéadfadh freisin go dtiocfadh caillteanas gnáthóige chun cinn go hindíreach mar thoradh ar dhian-díghrádú gnáthóige a eascróidh as laghdú i gcáilíocht an uisce agus/nó as athrú ar an gcóras hidreolaíoch (féach an rannán thíos le haghaidh tuilleadh mionsonraí faoi na hathruithe hidreolaíocha). Maidir le speicis is Leasanna Caomhantais Speisialta ar ainmníodh Limistéir Chosanta Speisialta i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe ina leith, is eol go mbaineann siad úsáid as láithreáin bheathaithe *ex situ* i limistéar Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí). Rinneadh suirbhé ar thrí láithreán beathaithe fhéideartha istigh faoin tír laistigh d'achar na Scéime Beartaithe chun eolas a dhéanamh don mheasúnú sin. Áiríodh leo sin: limistéar beag féaraigh taitneamhachta in aice Chlub Rámhaíochta Phádraig agus Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Naisc Thoir); an pháirc peile Gaelaí agus an limistéar féaraigh taitneamhachta laistigh de Pháirc na Rinne; agus ciumhais laistigh de Staid an Bhaile Ghaelaigh agus limistéar féaraigh taitneamhachta lena ngabhann crainn scaipthe idir an staid agus Ascaill Bremen. Taifeadh speicis éan geimhrithe is leasanna caomhantais speisialta ar na trí láithreán uile.

Maidir le speicis is leasanna caomhantais speisialta ar ainmníodh Limistéir Chosanta Speisialta i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe ina leith, taifeadh iad agus iad ag ligean a scíthe agus ar thóir foráiste i gcomharsanacht Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra le linn suirbhéanna pointe amhairc. Áirítear leis na speicis sin an faoileán scadán, an sléibhín, an droimneach beag, an broigheall, an cadhan, an crotach, an ghlúineach dhearg agus an gheabhróg (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí). Is é an toradh a bheidh ar an míntíriúchán talún chun an Scéim Bheartaithe a éascú ná go mbainfear 0.99 heicteár de ghnáthóg inbhearach atá oiriúnach do thacú leis na speicis sin.

Mar achoimre, dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchair a bheith ann ar speicis is leasanna caomhantais speisialta de chuid Limistéar Cosanta Speisialta mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige. D'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis freisin le díghrádú ghnáthóg na speiceas is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid láithreán Eorpach mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha. Fágann sé sin go bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha

Tá an Scéim Bheartaithe nasctha go hidreolaíoch le Cuan Bhaile Átha Cliath trí Inbhear na Life Íochtarach agus trí Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne. Tá nascacht hidreolaíoch bhreise ann leis an gCanáil Ríoga agus leis an Dothra.

Maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce sa timpeallacht uisceach glactha. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le heachtra truaillithe den sórt sin: scaoileadh dríodair isteach in uiscí glactha agus méadú iarmhartach i solaid shlógtha chrochta; agus doirteadh agus/nó ligean éilleán de thaisme isteach in uiscí glactha. D'fhéadfaí na héifeachtaí a bhaineann le laghdú i gcáilíocht an uisce dromchla a bhrath píosa maith síos an abhainn ón bpointe scaoilte nó ó láthair na heachtra truaillithe de thaisme agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh don timpeallacht síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear na láithreáin Eorpacha seo a leanas: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair laistigh de na láithreáin Eorpacha sin, rud a dhéanadh difear diúltach do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do speicis éan is leasanna caomhantais speisialta. D'fhéadfadh na tionchair fhéideartha a bheith chomh mór sin go mbainfí an bonn de na cuspóirí caomhantais atá acu seo: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse.

Sa chás féideartha is measa agus in éagmais aon bheart maolaithe, is amhlaidh, maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh freisin do speicis éan is leasanna caomhantais speisialta agus do speicis mamach is leasanna cáilítheacha a dhéanann comaitéireacht agus a théann ar thóir foráiste agus, i ndáil le héin is leasanna caomhantais speisialta, a ligeann a scíth ag Calafort Bhaile Átha Cliath, i.e., éin a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí agus mamaigh mhuirí a bhaineann leis an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse agus Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, agus an pobal madraí uisce a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair laistigh de láithreáin Eorpacha síos an abhainn, rud a dhéanadh difear diúltach do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do phobail is leasanna caomhantais speisialta agus is leasanna cáilítheacha freisin. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na tionchair fhéideartha sin ná an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann,

Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, an Limistéir Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann agus Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin.

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige agus le héifeachtaí ar na speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid láithreán Eorpach mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha

Is an-athraitheach atá an acmhainneacht go dtiocfadh tionchair hidrigeolaíocha chun cinn, agus í ag brath ar chineál na n-oibreacha beartaithe ag láithreacha sonracha agus ar dhálaí talún na timpeallachta glactha. Ní mheastar go síneann Crios Tionchair hidrigeolaíoch neamh-mhaolaithe na Scéime Beartaithe chuig aon éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce atá nasctha le láithreáin Eorpacha.

Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh

Níor taifeadadh aon speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha atá liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, a bheith i láthair laistigh den Scéim Bheartaithe nó i ndlúthghaireacht di. Sa staidéar deisce, áfach, taifeadadh speicis atá liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe. In éagmais maolaithe, tá acmhainneacht ann go leathfadh na speicis sin, nó go dtabharfaí isteach iad, le linn oibreacha tógála agus/nó oibreacha gnáthchothabhála/bainistíochta a dhéanamh ar limistéir ghnáthóige talún i láithreáin Eorpacha síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath (*i.e.*, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann). Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná na gnáthóga atá ann cheana a dhíghrádú agus, ar an tslí sin, an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach sin.

Meastar nach dóigh go bhféadfadh speicis ionracha leathadh chuig láithreáin Eorpacha atá lonnaithe píosa maith ar shiúl ó láithreacha sceite Inbhear na Life Íochtarach (*i.e.*, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí).

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú ghnáthóg na speiceas is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid láithreán Eorpach mar thoradh ar leathadh speiceas ionrach.

Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháiliochta

D'fhéadfadh go mbeadh laghdú ann in aercháiliocht i ngarchomharsanacht na n-oibreacha tógála mar thoradh ar shil-leagan deannaigh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála sin. Áirítear leis sin laghdú i bhfótasintéis mar gheall ar phlúchadh plandaí de bharr deannaigh agus mar gheall ar athruithe ceimiceacha in ithreacha, amhail aigéadacht. Ina theannta sin, is féidir le hastaíochtaí ó sceithphíopaí cairr agus le sil-leagan ábhair cháithnínigh agus miotal trom ó innill, ó choscáin agus ó chaitheamh boinn cur le sil-leagan truaileán amhail ocsaídí nítrigine (NO_x, NOs), comhdhúile orgánacha so-ghalaithe, ábhar cáithnínigh, miotail throma agus amóinia (NH₄) i gcomharsanacht carrbhealaigh. Is féidir leis sin difear a dhéanamh do na héiceachórais agus don fhásra atá i láthair, agus tionchar á imirt ar rátaí fáis plandaí agus ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speiceas.

D'fhéadfadh an Crios Tionchair neamh-mhaolaithe i leith éifeachtaí aercháilíochta a thioctaidh as an Scéim Bheartaithe a bheith le sonrú 50 m ar shiúl ó theorainn na Scéime Beartaithe, 500 m ar shiúl ó chompúin tógála le linn na céime tógála agus suas le 200 m ar shiúl ó theorainn na Scéime Beartaithe le linn na céime oibríochtúla. Níl aon láithreáin Eorpacha i láthair laistigh de na faid sin, áfach.

Ós rud é nach bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú ghnáthóg na speiceas is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh mar thoradh ar thionchair aercháilíochta, bíodh siad le linn na céime tógála nó le linn na céime oibríochtúla, níl aon fhéidearthacht go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn ina leith sin.

Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin

Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú sealadach agus/nó buan i leibhéil torainn, tonnchreatha agus/nó ghníomhaíocht an duine le linn thógáil agus/nó oibriú na Scéime Beartaithe ná cur isteach ar na speicis fána atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe agus/nó na speicis sin a dhíláithriú.

I gcás speiceas mamach amhail an madra uisce, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná 250 m¹ ar shiúl. I gcás éan, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná thart ar 300 m² ar shiúl toisc gurb amhlaidh, maidir leis na leibhéil torainn a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála ginearálta, a thanódh siad gar do leibhéil chúlra ag an bhfad sin. Níl aon láithreáin Eorpacha ann laistigh de Chrios Tionchair cur isteach na Scéime Beartaithe (is iad Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas na láithreáin Eorpacha is cóngaraí, agus iad lonnaithe thart ar 0.5 km soir ó dheas ón Scéim Bheartaithe). Mar sin féin, taifeadadh pobail ex situ de speicis is leasanna caomhantais speisialta agus is leasanna cáilitheacha i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe.

Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe cur isteach ar na speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh nó na speicis sin a dhíláithriú, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn i gcomhar le gníomhaíochtaí/pleananna/tionscadail eile.

Tionchair dhíreacha dhíobhála/mhortlaíochta

De bharr láthair na Scéime Beartaithe ar Inbhear na Life Íochtarach, i ndlúthghaireacht do roinnt Limistéar Cosanta Speisialta atá i láthair i gCuan Bhaile Átha Cliath, d'fhéadfadh Droichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe a bheith ina riosca imbhuailte le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla do speicis ghluaiستهacha is leasanna caomhantais speisialta atá i láthair sa limistéar. Maidir le speicis éan is leasanna caomhantais speisialta ar ainmníodh Limistéir Chosanta Speisialta i limistéar Bhaile Átha Cliath ina leith, taifeadadh iad i gcomharsanacht Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe ar limistéir

¹ Tá sé sin ag teacht le treoir dhoiciméid ó Bhoneagar Iompair Éireann (Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes agus Guidelines for the Treatment of Badgers prior to the Construction of National Road Schemes). Is fad réamhchúramach é sin, agus is dóigh go maolófar é leis an éifeacht scagtha a bheidh ag an bhfásra agus na foirgnimh mórthimpeall, agus is i bhfad níos lú dáiríre a bheidh crios tionchair an chuir isteach a bhaineann le tógáil.

² Maidir leis an tuiscint reatha ar an gcur isteach ar éin uisce gheimhrithe ó thorann a bhaineann le tógáil, tá sí bunaithe ar an taighde a cuireadh i láthair in Cutts *et al.* (2009) agus Wright *et al.* (2010). Maidir leis an torann tógála, ní bheifí ag súil leis go dtiocfadh aon fhreagairt ó éin atá ar thóir foráiste nó ar an bhfara chun cinn mar thoradh ar leibhéil faoi bhun 50 dB. Spreagfadh leibhéil torainn idir 50 dB agus 70 dB éifeacht mheasártha ar éin/leibhéil measártha freagartha ó éin, i.e., éin a bheith ag teacht san airdeall agus roinnt athruithe iompraíochta (e.g., laghdú sa ghníomhaíocht beathaithe), ach bheifí ag súil leis go rachadh siad i dtailth ar leibhéil torainn laistigh den raon sin. Ba dhóigh gurbh é an toradh a bheadh ar leibhéil torainn os cionn 70 dB ná go mbogfadh éin amach as an gcrios buailte nó go bhfágfadh siad an láithreán go hiomlán. Ag fad thart ar 300 m ar shiúl, is gnách gur faoi bhun 60 dB atá gnáthleibhéil torainn a bhaineann le gníomhaíocht tógála (BS 5228) nó, i bhformhór na gcásanna, tá siad níos cóngaraí don tairseach 50 dB.

féaraigh taitneamhachta agus le linn dóibh a bheith ag ligean a scíthe/ag beathú ag láthair Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe ar chomhchumar Inbhear na Life Íochtarach/na Dothra_050. Áirítear leis na speicis sin an faoileán scadáin, an sléibhín, an droimneach beag, an broigheall, an cadhan, an crotach, an ghlúineach dhearg agus an gheabhróg (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí). Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go marófaí speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a bhaineann le láithreáin Eorpacha nó go ndíláithreofaí iad mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

Meastar gur féidir gur bainteach le pobal Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin atá fabhcúin ghorma atá i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe. Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go mbeadh fabhcúin ghorma a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ag seilg i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe. D'fhéadfadh Droichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe a bheith ina chúis le riosca imbhuailte le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla d'fhabhcúin ghorma atá ag seilg. Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go mbeadh tionchair dhíreacha dhíobhála/mhortlaíochta ar phobail fabhcúin gorm is leasanna caomhantais speisialta a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin.

Taifeadadh mamaigh mhuirí a bhaineann le láithreáin Eorpacha agus iad ag déanamh comaitéireachta agus ar thóir foráiste laistigh d'Inbhear na Life Íochtarach i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe. Le linn chéim tógála Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe, beidh méadú ann sa líon soithí a bheidh sa chomharsanacht. Dar leis an Measúnú Riosca ar Mhamaigh Mhuirí a ullmhaíodh le haghaidh na Scéime Beartaithe, meastar an riosca díobhála agus mortlaíochta a bheith rí-íseal toisc go mbíonn mamaigh mhuirí i gCuan Bhaile Átha Cliath nochta do mhéid suntasach tráchta soithí ar bhonn laethúil agus go mbeadh siad ar an eolas go mbíonn sé ann. Ní bheidh aon mhéadú ann sa líon soithí a bheidh bainteach le céim oibríochtúil na Scéime Beartaithe. Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh an Scéim Bheartaithe ina cúis le riosca suntasach imbhuailte/mortlaíochta do mhamaigh mhuirí i gCuan Bhaile Átha Cliath.

Taifeadadh i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe madraí uisce a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an bpobal is leasanna cáilitheacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin. Ní dóigh go mbeidh an trácht feithiclí agus soithí a bheidh bainteach le céim oibríochtúil na Scéime Beartaithe ina chúis le riosca suntasach díobhála/mortlaíochta do phobail madraí uisce is leasanna cáilitheacha toisc gur cleachta leis na leibhéil tráchta agus loingseoireachta atá ann cheana i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe atá na madraí uisce atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe. Le linn chéim tógála Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe, beidh méadú ann sa líon soithí a bheidh sa chomharsanacht agus beidh cur isteach ag an duine agus cur isteach tógála ann ar feadh tréimhse thart ar 30 mí ar fad. Maidir leis an riosca díobhála nó mortlaíochta a eascraíonn as céim tógála na Scéime Beartaithe mar thoradh ar imbhuailte soithí, meastar é a bheith rí-íseal toisc gur nochta do mhéid suntasach tráchta soithí ar bhonn laethúil a bhíonn madraí uisce sa limistéar seo agus go mbeadh siad ar an eolas go mbíonn sé ann. Ós rud é go bhfuil madraí uisce i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe cleachta leis na gnáthleibhéil tráchta a bhaineann le Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath, ní dóigh go mbeadh méadú sa líon feithiclí agus an t-innealra a bheidh bainteach leis an tógáil mar chúis le riosca suntasach díobhála/mortlaíochta le linn na céime tógála. Mar sin féin, ós rud é go mbeidh compún tógála beartaithe lonnaithe in aice na Dothra agus Inbhear na Life Íochtarach agus go mbeidh cur isteach ionsrutha ag baint le tógáil Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra atá beartaithe, d'fhéadfadh go ndéanfaí díobháil do mhadraí uisce/go marófaí madraí uisce le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe.

Achoimre

Maidir leis an gcaillteanas agus scoilteadh gnáthóige, na tionchair hidreolaíocha, an cur isteach agus díláithriú, agus na tionchair dhíreacha dhíobhála nó mhortlaíochta a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe, tá acmhainneacht acu difear a dhéanamh don timpeallacht glactha agus, dá bharr sin, do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis na leasanna cáilitheacha/na leasanna caomhantais speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhfíric gur dóigh don Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha a bheith aici ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Éifeachtaí i gcomhcheangal

D'fhéadfadh forbairtí atá beartaithe nó atá deonaithe, nó forbairtí a chuirfear chun feidhme faoi raon pleananna úsáid talún nó faoi phleananna eile, a bheith suite laistigh de láithreáin Eorpacha nó a bheith suite laistigh de láthair ina bhféadfadh siad teacht faoi chrios tionchair láithreán Eorpach a thagann freisin faoi chrios tionchair na Scéime Beartaithe.

I measc na bpríomhthionscadal forbartha a bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal a bheith acu de bharr a méide, a gcineáil agus/nó a láithreach tá Scéimeanna eile Croíchonairí Bus, MetroLink, uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid nó bonneagar nua iarnróid, agus bonneagar fónais, lena n-áirítear feabhas beartaithe nó toilithe ar fhóntais uisce.

Maidir leis an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn idir na pleananna agus na tionscadaíl sin agus an Scéim Bheartaithe, tagann sí as na conairí céanna le haghaidh éifeachtaí féideartha, mar atá sainaitheanta don Scéim Bheartaithe (i.e., caillteanas agus scoilteadh gnáthóige, éifeachtaí hidreolaíocha, speicis ionracha, cur isteach agus díláithriú, agus tionchair dhíreacha dhíobhála agus mhortlaíochta). Is éifeachtaí iad sin a d'fhéadfadh gníomhú i gcomhcheangal le héifeachtaí agus conairí den chineál céanna a thiocfaidh as na pleananna éagsúla.

Dá bhrí sin, ní féidir an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh na héifeachtaí seo a leanas chun cinn i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadaíl eile a chur as an áireamh:

- Scoilteadh gnáthóige (mar shampla, láithreáin Eorpacha atá i mbaol cailteanais ghnáthóige ex situ; Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí agus Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin);
- Díghrádú/éifeachtaí gnáthóige ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha (mar shampla, laghdú i gcáilíocht an uisce i ndobharcheantair a dhraenálann chuig Cuan Bhaile Átha Cliath, rud a dhéanann difear do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis uisceacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar

Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí);

- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh (mar shampla, i láithreáin Eorpacha síos an abhainn ó Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann);
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin (mar shampla, láithreáin intíre ex situ a bhíonn in úsáid ag speicis éan is leasanna caomhantais speisialta agus ag mamaigh is leasanna cáilitheacha laistigh de Chrios Tionchair cur isteach féideartha na Scéime Beartaithe i Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí); agus
- Na tionchair dhíreacha dhíobhála/mhortlaíochta (mar shampla i láithreáin ex situ a bhíonn in úsáid ag speicis éan is leasanna caomhantais speisialta agus ag mamaigh is leasanna cáilitheacha sa Chrios Tionchair féideartha i Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin agus Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin).

Conclúidí an Phróisis Measúnachta Scagtha


Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil, agus trí phrionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm, is féidir teacht ar an gconclúid gurb amhlaidh, in éagmais maolaithe, go bhféadfadh an tionscadal ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas mar thoradh ar thionchair chaillteanais agus scoilte gnáthóige, ar thionchair hidreolaíochta, ar chur isteach agus díláithriú, agus ar thionchair dhíreacha dhíobhála nó mhortlaíochta: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Cheann Chósta Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch

Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin agus Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin.

Sular thángthas ar an gconclúid sin, rinneadh breithniú iomlán ar chineál an tionscadail agus ar a chaidreamh féideartha le gach láithreán Eorpach laistigh den chrios tionchair agus ar chuspóirí caomhantais na láithreán sin.

D'iarr an tÚdarás go ndéanfaí Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú agus a thabhairt chun críche lena chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála i gcomhar le hiarratas ar cheadú don Scéim Bheartaithe.

Tá an cinneadh seo ar fáil lena iniúchadh ag Oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20, agus ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie.

Sínte: 

Le haghaidh agus thar ceann Bhord Chlár BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair

Dátaithe:- 24.6.2022